An Roinn Oideachais
Department of Education

# Nóta Eolais maidir leis an tSraith Shóisearach do Thuismitheoirí/ Chaomhnóirí

## Eolas faoin tSraith Shóisearach

Sa tSraith Shóisearach, ar a dtugtaí an Teastas Sóisearach roimhe seo, clúdaítear na chéad trí bliana d'oideachas meánscoile/iar-bhunscoile.

Féachtar leis an tSraith Shóisearach le cothromaíocht a bhaint amach idir eolas ar an ábhar a fhoghlaim agus raon leathan scileanna agus cineálacha cumais smaointeoireachta a fhorbairt.

Is féidir staidéar a dhéanamh ar Bhéarla, ar Ghaeilge agus ar Mhatamaitic ag ardleibhéal nó ag ngnáthleibhéal. Déantar staidéar ar gach ábhar eile ag comhleibhéal.

Tá sé mar aidhm leis an tSraith Shóisearach an fócas a aistriú ó mheasúnú trí scrúdú deiridh go measúnú níos leanúnaí, nó níos foirmithí.

## Ábhair a bhféadfadh do pháiste staidéar a dhéanamh orthu

Is féidir le scoileanna curaclam na Sraithe Sóisearaí a thairiscint ar cheann de na bealaí seo a leanas:

- 10 n-ábhar ar a mhéad le haghaidh scrúdú deiridh agus tuairisciú
- 9 n-ábhar le haghaidh scrúdú deiridh agus suas le dhá ghearrchúrsa le haghaidh tuairisciú
- 8 n-ábhar le haghaidh scrúdú deiridh agus suas le ceithre ghearrchúrsa le haghaidh tuairisciú

Is féidir scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu Clár Foghlama Leibhéal 1 nó Leibhéal 2 a leanúint, ina gcuimsítear meascán d'Aonaid Foghlama Tosaíochta (ATFnna), agus/nó gearrchúrsaí agus/nó ábhair. Is féidir iad sin a roghnú chun freastal ar a riachtanais aonair. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar an suíomh gréasáin curriculumonline.ie.

**Gearrchúrsaí na Sraithe Sóisearaí**
Féadfaidh scoileanna deis a thabhairt do scoláirí líon beag gearrchúrsaí a dhéanamh.

Níl sé i gceist go gcuirfí na gearrchúrsaí in ionad na n-ábhar atá ann cheana féin, ach leathnófar eispéiris foghlama na scoláirí leo agus tabharfar aghaidh leo ar a gcuid suimeanna nach bhfuil clúdaithe sna hábhair churaclaim atá ar fáil sa scoil.

**Folláine ag an tSraith Shóisearach**
Ceapadh an clár Folláine chun mothú muiníne, sonais, sláinte agus ceangail a chothú. Soláthraíonn gach scoil 400 uair an chloig d'Fholláine do na scoláirí agus áireofar leis sin Corpoideachas, Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil (OSSP) chomh maith le réimsí eile foghlama.

## Measúnú ag an tSraith Shóisearach

Chomh maith le haiseolas leanúnach sa rang, déantar dhá phríomhchineál measúnaithe ag an tSraith Shóisearach:

**Measúnuithe Rangbhunaithe**

Is éard is Measúnuithe Rangbhunaithe ann nuair a dhéanann an múinteoir measúnú ar scoláire le linn am ranga ar ábhar nó ar ghearrchúrsa ar leith.

**Scrúduithe Stáit**

Ag deireadh na tríú bliana den tSraith Shóisearach, déanfaidh na scoláirí scrúduithe Stáit, i mí an Mheithimh de ghnáth. Reáchtálann Coimisiún na Scrúduithe Stáit (SEC) iad sin.

**Mar gheall ar thionchar phaindéim COVID-19 ar scoláirí, rinneadh coigeartuithe measúnaithe don bhliain acadúil 2023/24.**

**Ciallaíonn sé sin go mbeidh ar scoláirí a bheidh ag dul isteach sa tríú bliain sa scoilbhliain 2023/24 Measúnú Rangbhunaithe amháin ar a laghad a dhéanamh seachas an dá cheann a bhíodh le déanamh roimhe seo, agus ní bheidh orthu Tasc Measúnaithe a dhéanamh in ábhair ábhartha.**

# Sraithe Sóisearaí

**Na buntáistí a bhaineann le Measúnuithe Rangbhunaithe**

Déantar Measúnuithe Rangbhunaithe le linn na ngnáthranganna agus cloíonn siad le hamchlár a fhoilsíonn CNCM. Tabharfaidh deiseanna leis sin do scoláirí a dtuiscint agus a scileanna a léiriú ar bhealach nach bhféadfaí a dhéanamh i scrúdú foirmiúil.

Déanann na múinteoirí na scoláirí a threorú le linn na measúnuithe sin agus tacaíonn siad leo agus déanann siad maoirseacht orthu. Foghlaimíonn scoláirí ón aiseolas agus ón gcomhairle a fhaigheann siad le linn an phróisis. Tá sé molta do scoileanna gur cheart measúnuithe rangbhunaithe a chur in ionad na scrúduithe tí ionas nach ndéanfar ró-mheasúnú ar a scoláirí.

**Conas a dhéanamh measúnuithe rangbhunaithe a measúnú?**

Úsáidtear tuairisceoirí chun gnóthachtáil na scoláirí i measúnuithe rangbhunaithe a thaifeadadh. Tagairt nó pointe caighdeánach is ea tuairisceoirí a úsáidtear chun an t-eolas, na scileanna agus na próisis a léiríonn gach scoláire a léiriú. Tá ceithre thuairisceoir gnóthachtála ann do gach measúnú rangbhunaithe:

Ionchais atá Fós le Baint Amach → Ar Aon Dul le hIonchais → Os Cionn Ionchas → Sármhaith

Do gach measúnú, déanann an múinteoir ábhair athbhreithniú ar an measúnú rangbhunaithe agus cinneann sé nó sí tuairisceoir sealadach.

Ansin, cuirfidh múinteoirí ábhair cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) i gcrích. Ag an gcruinniú sin roinnfidh agus pléifidh na múinteoirí samplaí dá measúnuithe ar obair na scoláirí agus cothóidh siad comhthuiscint ar cháilíocht foghlama na scoláirí.

Bunaithe ar na torthaí ón gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, féadfaidh múinteoirí aonair athmhachnamh a dhéanamh ar thuairisceoir sealadach gach scoláire. Nuair is gá, déanfaidh siad na coigeartuithe cuí ar an leibhéal gnóthachtála a bhronntar ar obair an scoláire lena chinntiú go bhfuil na tuairisceoirí a bhronntar de réir caighdeán náisiúnta.

## Tuairisciú na Sraithe Sóisearaí

Déanfar tuairisciú foirmiúil ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtálacha na scoláirí trí thuairiscí bliantúla sa chéad bhliain agus sa dara bliain. Ag deireadh na Sraithe Sóisearaí, bronnann a scoil Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí ar scoláirí as a bhfoghlaim le trí bliana anuas. Déanfaidh gach scoil Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí a phriontáil do gach scoláire.

Léireoidh Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí gnóthachtáil an scoláire thar gach réimse ábhartha:

- Torthaí na Measúnuithe Rangbhunaithe
- Mar a d'éirigh leo i réimsí eile foghlama
- Imeachtaí ina raibh na scoláirí páirteach
- Gnóthachtáil i bhFolláine
- Scrúduithe stát-deimhnithe

San fhómhar, i ndiaidh scrúduithe na Sraithe Sóisearaí, gheobhaidh na scoláirí gráid shealadacha ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit agus eiseofar an JCPA i ndiaidh sin.

Is iad seo a leanas na tuairisceoirí gráid a bhronntar i leith na n-ábhar:

- Pas le Gradam 90-100%
- Ardghradam 75-89%
- Pas le Tuillteanas 55-74%
- Bainte Amach 40-54%
- Bainte Amach go Páirteach 20-39%
- Gan Ghrád 0-19%

**Le haghaidh tuilleadh eolais, tabhair cuairt ar ár láithreán gréasáin curriculumonline.ie**